

Le hobair dhearbhaithe tá buntáistí do chách!



An oibrí thú?

Cad is brí le hobair dhearbhaithe?

- Cosaint agus sochair: pinsean, árachas sóisialta, cúram sláinte, saoire le pá, agus cosaint ar dhífhostú éagórach nó sárúithe eile ar dhlí an tsaothair.
- Pá, ranníocaíochtaí slándála sóisialta agus cánacha ábhartha a íoc go rialta.

An bhfuilim ag obair ar bhonn obair dhearbhaithe? Seicliosta

Ba cheart na nithe seo a leanas a bheith agat:

- **Conradh fostaíochta** ina léirítear na dálaí oibre, na hoibleagáidí agus na cearta, faisnéis faoin bhfostóir agus cé atá freagrach as d'íocaíocht.
- **Seiceanna rialta pá** arna gcoigeartú de réir na n-uaireanta oibre iarbhír, ragobair, méaduithe speisialta (e.g. le haghaidh sealanna oíche nó saoire poiblí).
- **Cosaint ar idirdhealú** bunaithe ar ghnéas, inscne, reiligiún, náisiúntacht nó eitneacht san ionad oibre.
- **An ceart chun sosanna**, laethanta saoire agus laethanta saor ón obair a ghlacadh.
- **An ceart chun saoire bhreuiteachta** agus chun cosaint a fháil i gcás tionóiscí ag an obair agus galair cheirde.
- **Clárú don chóras slándála sóisialta** le haghaidh e.g. pinsin, dífhostaíocht, cúram sláinte.
- **An ceart chun ionadaíochta**, chun ballraíochta i gceardchumann agus chun dul ar stailc.
- **Íocaíocht rialta ranníocaíochtaí** e.g. ranníocaíochtaí pinsin.

An bhfuil gnólacht á reáchtáil agat?

An bhfostaíonn tú oibrithe nó an bhfuil sé beartaithe agat oibrithe a fhostú?

Cad is brí le hobair dhearbhaithe?

- Rialacha agus rialacháin saothair a chomhlíonadh; na cearta a bhfuil siad ina dteideal a thabhairt d'oibrithe.
- Iomaíocht chóir idir gnólachtaí a áirithiú.
- Timpeallacht oibre chobhsaí spreagtha a fhorbairt, as a dtiocfaidh ionad oibre táirgiúil.
- Smachtbhannaí, fíneálacha, muirir agus rioscaí clú a sheachaint.



Mar úinéir gnó agus mar fhostóir, ba cheart duit an méid seo a leanas a dhéanamh...

- Aird a thabhairt ar na coinníollacha fostaíochta atá leagtha síos i rialacháin do thíre. Féachaint an bhfuil tú:
 - ▶ ag comhlíonadh na rialacha cómhargála náisiúnta maidir le pá agus costais asbhainte;
 - ▶ ag íoc na cánacha agus ranníocaíochtaí árachais shóisialta de réir na rialacha;
 - ▶ ag eisiúint duillíní pá i gceart;
 - ▶ ag áirithiú laethanta maidir le saoire bhreuiteachta nó mháithreachais agus laethanta saoire/saoire bhliantúil de réir na rialachán ábhartha.
- Taifead a dhéanamh ar d'oibrithe cláraithe, ar a n-uaireanta oibre iarbhrí agus ar an bhfaisnéis uile maidir le híocaíochtaí, de réir na rialacha náisiúnta agus rialacha an Aontais is infheidhme.
- Na rialacha maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair a chur chun feidhme, agus timpeallacht shábháilte á cur ar fáil do d'oibrithe.
- Deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé de cheart ag d'fhostaithe a bheith ag obair go dleathach i do thír féin.

Má tá gnólacht agat agus mura bhfuil tú cinnte faoi rialacha do thíre maidir le hoibrithe a fhostú go dleathach, is féidir leat...

- Dul i dteagmháil le do chigireacht saothair áitiúil.
- Dul i dteagmháil le d'eagraíocht fostóirí náisiúnta agus/nó áitiúil.
- Dul i dteagmháil leis na hinstitiúidí atá inniúil maidir le rialacha saothair agus sláinte agus sábháilteacht cheirde.

Féadfar a mheas gur oibrí neamhdhearbhaithe thú más rud é...

*Go n-íoctar airgead ar láimh leat gan aon chonradh – **obair neamhdhearbhaithe***

Mura bhfuil aon chonradh i scríbhinn agat agus má íocann d'fhostóir airgead ar láimh leat, gan do chuid oibre a chlárú ná cánacha agus ranníocaíochtaí sóisialta a íoc, tá tú ag obair go neamhdhearbhaithe.

*Go n-íoctar cuid de do phá in airgead ar láimh – **obair thearcdhearbhaithe***

Mura ndearbhaíonn d'fhostóir ach cuid de d'uaireanta oibre, agus má íocann sé nó sí an chuid eile d'airgead ar láimh, tá obair thearcdhearbhaithe ar siúl agat. Áirítear leis sin ragobair neamhdhearbhaithe agus sealanna breise. D'fhéadfadh cuma áisiúil a bheith air, ach laghdaíonn sé do chearta agus fágann sé gan cruthúnas dlíthiúil iomlán ar do chuid oibre thú.

*Tá tú féinfhostaithe ach caitear leat amhail is dá mba rud é gur fostaí thú – **féinfhostaíocht spleách***

Má tá tú cláraithe mar dhuine féinfhostaithe ach ag obair faoi rialú bainisteora, má leanann tú uaireanta seasta, nó má tá tú ag brath ar chliant amháin, d'fhéadfá a bheith i bhféinfhostaíocht bhréagach. Ciallaíonn sé sin go gcaitear leat mar fhostaí gan chearta ná cosaint. I dtíortha áirithe, fiú má tá tú cláraithe mar dhuine féinfhostaithe, d'fhéadfaí tú a mheas mar fhostaí a bhfuil cearta iomlána saothair aige/aici, go háirithe nuair a stiúran duine do chuid oibre, nuair a shocraíonn sé/sí do phá, agus nuair a dhéanann tú an obair go pearsanta.

Cad is féidir leat a dhéanamh?

1. Dul i dteagmháil le do chigireacht saothair áitiúil

Déanann cigireachtaí saothair agus eagraíochtaí rialú agus cigireacht ar ghnólaachtaí. Is féidir leo comhairle a thabhairt maidir le conas obair neamhdhearbhaithe a thuairisciú. Is minic a chuireann cigireachtaí saothair faisnéis ar fáil maidir leis an gceart atá agat aon phá neamhíochta a éileamh, i gcomhréir le dlí an Aontais.

2. Dul i dteagmháil le ceardchumann

Déanann ceardchumann ionadaíocht ar oibrithe, cuireann siad cearta agus dálaí oibre níos fearr chun cinn. Téann siad i mbun idirphlé le heagraíochtaí fostóirí. Téigh i dteagmháil le d'aontas áitiúil nó le d'ionadaithe san ionad oibre.



Foghlaim tuilleadh

Ar leathanach gréasáin **an Údaráis Eorpaigh Saothair**, is féidir leat do phointe teagmhála náisiúnta a aimsiú agus comhairle a fháil.

<https://www.ela.europa.eu>



An tÚdarás Eorpach Saothair
Landererova 12, 811 09 An Bhratlasláiv I, an tSlóvaic



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025

© An tÚdarás Eorpach Saothair, 2025

Print ISBN 978-92-9415-201-5 doi:10.2883/2879837

HP-01-25-025-GA-C

PDF ISBN 978-92-9415-200-8 doi:10.2883/1535611

HP-01-25-025-GA-N

Clúdach, © Gorodenkoff/stock.adobe.com; © JackF/stock.adobe.com; © wave-break3/stock.adobe.com. Leathanaigh istigh, © K Seisa/peopleimages.com/stock.adobe.com; © New Africa/stock.adobe.com